



## Treoirlínte maidir le Foirm Ghrinnfhiosrúcháin (NVB 2) a chomhlánú

Léigh na treoirlínte seo a leanas go cúramach sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo le do thoil.

### Ilgheáitheach

Ní mór an fhoirm a chomhlánú ina hiomláine ag usáid **BLOCLITREACHA** agus ní mór go mbeadh an scríbhneoireacht soiléir agus inléite.

Ní mór peann gránbhiorach a úsáid chun an fhoirm a chomhlánú.

Ní ghlacfar le fótachóipeanna.

Beidh ar gach iarratasóir doiciméid a chur ar fáil chun a bhféiniúlacht a bhailíochtú.

Má tá an t-iarratasóir faoi bhun 18 mbliana d'aois, beidh gá le NVB 3(a) - Foirm um Thoiliú Tuismitheora/Caomhnóra.

### Cuid 1 Sonraí Pearsanta

Cuir isteach sonraí i ngach réimse le litir amháin in aghaidh an bhosca.

Maidir leis an réimse Dáta Breithe, cuir digit amháin in aghaidh an bhosca.

Maidir leis an réimse Inscne cuir tic sa bhosca cuí.

Soláthair athruithe ar ainmneacha, más ann dóibh, ó bhreith m.sh athrú ar ainm mar gheall ar phósadh, gníomhas aonpháirtí, uchtú.

Maidir le Áit Bhreith, luaigh Tír/Stát Breithe mar is réimse éigeantach é seo.

Luaigh do Thír Bhreithe mar is réimse éigeantach é seo.

Luaigh d'Uimhir Phas nuair is cuí.

Luaigh Ainm Do Mháthair roimh Phósadh mar atá luaite ar do theastas breithe.

Ba chóir réimse nach bhfuil infheidhme don iarratasóir a mharcáil "N/A".

### Cuid 2 Seoltaí

Cuir isteach do seoltaí roimhe seo in ord cróineolaíoch.

Ba chóir an réimse a bhaineann le seoladh a chomhlánú go hiomlán, lena n-áirítear Éirchód / Postchód. Gan giorrúcháin.

Cinntigh go bhfuil gach bliain ó bhreith go dtí an am i láthair san áireamh.

Cuir litir amháin in aghaidh an bosca agus bosca folamh idir na focail.

Maidir le "Ón mbliain" agus "Go dtí", sonraigh an bhliain agus sin amháin m.sh.

1	9	6	3
---	---	---	---

Ceadaítear níos mó ná seoladh amháin in aon bhliain amháin ar leith.

### Cuid 3 Taifead Coiriúil Féin-Nochtaithe

Ciallaíonn taifead coiriúil taifead de chiontuíthe an duine, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de, mar gheall ar aon chionta coiriúla, mar aon le haon orduithe coimhdeacha nó iarmhartacha a rinneadh de bhun na gciontuíthe lena mbaineann, nó taifead d'aon ionchúisimh a bheidh ar feitheamh i gcoinne an duine, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de, mar gheall ar aon chion coiriúil nó an dá cheann araon.

Ní cheanglófar ar dhuine sonraí a sholáthar maidir le haon chiontú a bhfuil feidhm ag Alt 14A d'Achtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go dtí 2016 ina leith.

### Cuid 4 Duine Caidrimh

Níl an chuid seo le comhlánú ag an iarratasóir.

### Cuid 5 Dearbhú Toilithe

Ní mór don iarratasóir a dhearbhú go bhfuil tuiscint acu ar an dá ráiteas agus a dhearbhú go nglacann siad leis trí tic a chur sa bhosca cuí san áit a léirítear. Ní mór go mbeadh an dáta sin agus dáta reatha an tsínithe mar a chéile.

### Cuid 6 Seoltaí Breise

Féach treoirlínte do Chuid 2 Seoltaí.







